An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

**COMHAIRLE ULADH**
**CUMANN LUTHCHLEAS GAEL**
**ULSTER COUNCIL GAA**

## SAINCHUNTAS POIST

**Teideal poist:** Oifigeach Réigiúnach um Fhorbairt na hIomána (Ceantar Gaeltachta, Iarthar Dhún na nGall)

**Freagrach ar:** Bainisteoir Forbartha Iomána (& Ceannaire cluichí Dhún na nGall)

**Tuarastal:** € Nochta ag agallamh / nó nuair a roghnófar iad

**Tréimhse an phoist:** Déanfar an post seo a mhaoiniú ar feadh 3 bliana ar dtús agus féadfar síneadh a chur leis (faoi réir thréimhse phromhaidh 6 mhí a thabhairt chun críche go rathúil)

---

### 1. CUSPÓIR AN PHOIST

Beidh An tOifigeach Réigiúnach um Fhorbairt na hIomána (Ceantar Gaeltachta in Iarthar Dhún na nGall) freagrach as cláir agus tionscnaimh a fhorbairt agus a sheachadadh chun rannpháirtíocht a uasmhéadú agus caighdeáin imeartha san Iománaíocht a fheabhsú ag gach leibhéal taobh istigh den réigiún ainmnithe trí mheán na Gaeilge. Beidh orthu gníomhaíochtaí nuálacha a sheachadadh a rachaidh chun tairbhe d'fhorbairt na hiomána (agus an liathróid láimhe) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus chun naisc láidre a fhorbairt le clubanna áitiúla. Is do réigiún Iarthar Dhún na nGall atá an tasc, ach is féidir é a bhogadh chun freastal ar na riachtanais athraitheacha más gá. Tá an post maoinithe trí chomhpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (TCAGSM), Bord Contae Dhún na nGall agus CLG Uladh. Beidh an cóitseálaí freagrach as iománaíocht a sheachadadh agus as liathróid láimhe a thabhairt isteach trí mheán na Gaeilge le linn am curaclaim.

### 2. PRÍOMHRÉIMSÍ FREAGRACHTA

- Cláir a sheachadadh trí Iománaíocht (agus liathróid láimhe) trí mheán na Gaeilge le fócas soiléir ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- Clár struchtúrtha a chur ar fáil i scoileanna sainithe a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí aois-oiriúnach a sheachadadh.
- Naisc a chothú idir scoileanna agus clubanna agus clubanna a spreagadh chun seisiúin a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

- An lá scoile a leathnú trí ghníomhaíocht seach-churaclaim a thairiscint ag deireadh an lae scoile.

- Deiseanna rannpháirtíochta agus cluichí a neadú taobh istigh de agus idir scoileanna ar bhonn áitiúil agus réigiúnach.
- Tacú le forbairt imreoirí i gcomhpháirtíocht le Scoileanna agus le Bord an Chontae.
- Cuidiú le dearadh agus seachadadh oideachas leanúnach múinteoirí / cóitseálaithe.
- Acmhainn a thógáil trí chomhordú agus seachadadh cúrsaí cóitseála CLG sa réigiún ainmnithe le múinteoirí agus cóitseálaithe club.
- Oibrigh le hOifigigh Forbartha Iomána Réigiúnacha eile agus le pearsanra Contae chun tionscnaimh iomána faoi dhíon a fhorbairt ag na haoisghrúpaí comhaontaithe.
- Cláir Champa a phleanáil agus a sheachadadh trí mheán na Gaeilge.
- Tacú le Ceannasaí Cluichí agus Bord Contae Dhún na nGall agus tionscnaimh ábhartha nuair is gá.
- Freastal ar dheiseanna inseirbhíse cóitseálaithe ag leibhéal contae agus cúige.
- Monatóireacht, tuairisciú agus an riarachán gaolmhar, a bhaineann le hoideachas cóitseálaithe, rannpháirtíocht agus imeartha agus feidhmíocht an phoist a dhéanamh ar na córais chuí.

## 3. FREAGRACHT

- Bunachair sonraí agus scarbhileoga a chomhlánú chun sonraí a bhaineann le cláir fhorbartha a thaifeadadh.
- Freastal ar chruinnithe, ar sheimineáir agus ar chláir oiliúna a bhaineann le forbairt agus cur i bhfeidhm do phlean oibre.
- Oibrigh go dlúth le Ceann Cluichí Chontae Dhún na nGall, Oifigeach Cóitseála an Chontae, Múinteoirí agus Bainisteoir Iomána Cúige.
- Oibriú mar chuid d'Fhoireann Forbartha Iomána Uladh foriomlán agus freastal ar chruinnithe ar iarratas leis na hoifigigh Forbartha Réigiúnacha Iomána eile.
- Tabhairt faoi aon dualgais eile de réir mar is gá le cothromaíocht.

*Ní mheastar go bhfuil an Clár Oibre seo eisiach nó uileghabhálach. Is léiriú é ar na réimsí oibre agus déanfar é a leasú ag brath ar riachtanais athraitheacha Chomhairle Uladh, Bhord Contae Dhún na nGall agus an Tionscadail. Oibreoidh sealbhóir an phoist go dlúth le Ceannaire Chluichí Dhún na nGall ach is é Bainisteoir Cúigeach um Fhorbairt Iomána a bheidh ina b(h)ainisteoir líne díreach aige / aici.*

**COMHAIRLE ULADH**
**CUMANN LUTHCHLEAS GAEL**
**ULSTER COUNCIL GAA**
**SONRAÍ AN PHOIST**
**TEIDEAL POIST:** Oifigeach Réigiúnach um Fhorbairt na hIomána (Ceantar Gaeltachta Iarthar Dhún na nGall)

Tá an post seo tacaithe ag maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (TCAGSM), Bord Contae Dhún na nGall agus CLG Uladh. Is é CLG Uladh fostóir an phoist ar feadh thréimhse an tionscadail.

Féinthosaitheoir ard-spreagtha a bheidh i sealbhóir an phoist le tuiscint dhomhain ar na ceisteanna a chuireann isteach ar chluiche na hiomána i gCúige Uladh. Beidh orthu a bheith líofa sa Ghaeilge agus gach seisiún a sheachadadh i nGaeilge. Beidh ar an iarrthóir rathúil Bundámhachtain san Iománaíocht ar a laghad a bheith aige/aici agus toilteanach oibriú i dtreo a Cháilíocht Oiliúna Leibhéal a hAon san Iománaíocht agus a bheith in ann a thaithí sa chóitseáil agus i gcur i bhfeidhm clár a léiriú.

| | **Riachtanach** | **Inmhianaithe** | **Modh measúnaithe** |
|---|---|---|---|
| **Cáilíochtaí agus Gnóthachtálacha** | 1.1 Dámhachtain Cóitseála Fhondúireacht CLG san Iománaíocht nó gradam nua Réamhrá ar Chóitseáil sna Cluichí Gaelacha críochnaithe.<br><br>1.2 Críochnaithe / aontú an cúrsa ar Chosaint 1 a chríochnú.<br><br>1.3 Aontú a bheith faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána roimh thosú. | **1.4** Leibhéal 1 agus/nó cáilíocht cóitseála Leibhéal 2. | Gearrliostú de réir Fhoirm Iarratais. |
| **Taithí Ábhartha** | 2.1 Fianaise go bhfuil ar a laghad:<br>• Taithí lánaimseartha bliana amháin (nó dhá bhliain d'obair dheonach) de leanaí a oiliúint i dtimpeallacht scoile nó club le trí bliana anuas agat<br><br>2.2 Fianaise go bhfuil:<br>• Eolas ar na saincheisteanna reatha atá roimh CLG agus Iománaíocht Uladh go háirithe agat | **2.4** Fianaise<br>• Go raibh tú gafa le naisc scoile / chlub a fhorbairt | Gearrliostú trí Fhoirm Iarratais<br><br>Agus<br><br>Agallamh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 2.3 Fianaise go bhfuil:<br>• Taithí ag déileáil le múinteoirí<br>• Taithí ag déileáil le hoibrithe deonacha agat | | |
| **Inniúlachtaí speisialta** | 3.1 Fianaise<br>• Do chuid eolais oibre ar chláir Microsoft Office.<br>3.2 Fianaise<br>• Go bhfuil Gaeilge líofa agat agus gur féidir leat seisiúin oiliúna, cruinnithe agus tuairiscí a sheachadadh i nGaeilge.<br>3.3 Fianaise<br>• Do chumas oibriú i d'aonar agus mar chuid d'fhoireann agus faoi bhrú. | 3.4 Fianaise<br>Go bhfuil scileanna cumarsáide briathartha úsáidte agat go héifeachtach sa timpeallacht oibre | |
| **Eolas Breise** | 4.1 Fianaise do<br>• Oiliúint eolais agus cluichí i gcomhthéacs Bhord Contae Dhún na nGall | 4.2 Fianaise<br>• Do chuid eolais ar chonair imreoirí CLG. | Agallamh |
| **Meon** | 5.1 Taispeáin do chuid<br>Mian agus an cumas oibriú ar thionscnamh pearsanta agus cinntí a dhéanamh. | | Agallamh |
| **Cúinsí** | 6.1 Iompar:<br>• Teacht ar chineál iompair a cheadóidh duit riachtanais an phoist a chomhlíonadh go hiomlán.<br><br>6.2 Am as baile:<br>Réidh chun am a chaitheamh as baile thar oíche le haghaidh cruinnithe srl. | | Gearrliostú de réir Fhoirm Iarratais. |

Tabhair faoi deara go bhfuil an ról seo faoi réir Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.